



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.12.2017
COM(2017) 825 final

2017/0334 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/825 chun imchlúdach airgeadais an Chláir
Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a mhéadú agus an cuspóir ginearálta a oiriúnú**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach don tréimhse 2017 go 2020 ar bun ón 20 Bealtaine 2017 agus tá buiséad EUR 142,8 milliún aige¹. Bunaíodh é chun cumas na mBallstát a neartú athchóirithe riaracháin agus struchtúracha fáschothaitheacha a cheapadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear le cúnaimh chun úsáid éifeachtúil éifeachtach a bhaint as cistí an Aontais. Is é an Coimisiún a chuireann an tacaíocht ar fáil faoin gClár, arna iarraidh sin ag Ballstát, agus is féidir leis an tacaíocht sin raon leathan réimsí beartais a chumhdach.

Ó tháinig Rialachán an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach i bhfeidhm tá na Ballstát ag baint an-úsáid as an gClár agus is mó i bhfad na hiarrataí tacaíochta ná an méid cistiúcháin atá ar fáil dá thimthriallta bliantúla. Deimhníonn sonraí i ndáil le timthriall 2017 an méid sin ós léir uathu, d'ainneoin gur glacadh Rialachán an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach go déanach, gur chuir 16 Bhallstát isteach 271 iarraidh tacaíochta ar mhó ná EUR 80 milliún san iomlán a luach measta, i dtaca le leithdháileadh bliantúil EUR 22.5 do 2017. Dá bhrí sin bhí ar an gCoimisiún tréaniarracht a dhéanamh chun iad a chur in ord tosaíochta, sa chaoi go raibh roinnt iarrataí ann nár roghnaíodh le haghaidh cistiú. Is géire arís an cás maidir le timthriall 2018, atáthar tar éis a sheoladh (ba é an 31 Deireadh Fómhair 2017 an sprioc-am le hiarrataí a chur isteach). Tháinig 444 iarraidh tacaíochta isteach ó 24 Bhallstát agus is é EUR 152 mhilliún costas iomlán measta na n-iarrataí sin, i dtaca le leithdháileadh EUR 30.5 milliún do 2018. Is léir uaidh sin go bhfuil na riachtanais tacaíochta ar an talamh agus an spéis sa tacaíocht atá ag na Ballstáit i bhfad os cionn na n-acmhainní airgeadais atá le fáil ag an gClár faoi láthair.

Is léir go dtí seo gur iarr cuid mhór Ballstát tacaíocht faoin gClár agus go mbaineann na hiarrataí tacaíochta leis na réimsí beartais uile atá cumhdaithe ag an gClár, amhail an rialachas agus an riarachán poiblí, an riarachán ioncaim agus an bhainistíocht airgeadais phoiblí, an fás agus an timpeallacht ghnó, an margadh saothair, an t-oideachas, an tsláinte agus na seirbhísí sóisialta, an earnáil airgeadais agus rochtain ar mhaoiniú.

Mar a luaigh an tUachtarán Juncker san Aitheasc (agus sa Litir Intinne i gceangal leis) a thug sé os comhair Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2017 ar Staid an Aontais,² tá an euro ceaptha le bheith ina airgeadra aonair ag an Aontas ina iomláine, agus, dá bhrí sin, tá sé de cheanglas ar na Ballstáit uile seachas dhá cheann acu, agus de theidlíocht acu, dul isteach sa limistéar euro. Is léir, mar sin, gur gá dearcadh romhainn agus tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro agus iad ag ullmhú dá n-aontachas leis an euro nuair is mian leo sin. Chun gur féidir leo dul isteach sa limistéar euro ní mór do na Ballstáit "critéir Maastricht" nó "na critéir um chóineasú" a shásamh, critéir lena léirítear *ardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe*.

¹ Rialachán (AE) 2017/825 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le bunú an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach don tréimhse 2017 go 2020 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 (IO L 19.05.2017, lch. 1).”.

² Aitheasc 2017 ar Staid an Aontais ón Uachtarán Juncker, an 13 Meán Fómhair 2017

Léirigh an ghéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais go bhfuil géarghá le fíor-chóineasú, seachas cóineasú ainmniúil, agus le geilleagair bhuanseasmhacha atá fothaithe i struchtúir eacnamaíocha dhaingne, sa dóigh gur féidir leis na Ballstáit suaitheadh a sheasamh go héifeachtúil agus teacht aniar go pras, agus go bhfuil an méid sin rithabhachtach chun rannpháirteacht rathúil limistéar euro a áirithiú. Chuige sin is gá, go háirithe, go mbeidh sé de chumas ag na Ballstáit a mbuiséid a bhainistiú i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta airgeadais poiblí fóna agus go mbeidh siad ullamh go hinstiúideach le bheith rannpháirteach san Aontas Baincéireachta. Ar a bharr sin, ó thaobh lánpháirtiú rathúil sa limistéar euro de, baineann tábhacht an-mhór leis na margaí saothair agus táirgí a bheith ag feidhmiú go cuí agus in ann suaitheadh seachtrach a sheasamh, le hardleibhéal lánpháirithe maidir le trádáil earraí agus seirbhísí, agus le dea-fheidhmiú an riaracháin poiblí.

Ós rud é (i) go bhfuil riachtanais mhaoiniúcháin níos airde ann ó thaobh tacaíocht a thabhairt chun athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme agus (ii), gur gá tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu an euro a ghlacadh trí dhlús a chur le próiseas an fhíor-chóineasaithe agus struchtúir eacnamaíocha agus shóisialta níos buanseasmhaí a fhorbairt chun a áirithiú gur éasca a rannpháirteacht san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, tá gealltanais tugtha ag an gCoimisiún go gcuirfidh sé, mar chéad chéim, EUR 80 milliún le buiséad an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach don tréimhse 2019 go 2020 chun é a threisiú. Ba cheart sin a bhaint amach tríd an Ionstraim Sholúbthachta a úsáid faoi Airteagal 11 den Chreat Airgeadais Ibhliantúil reatha³. Thabharfadh sin imchliúdach airgeadais foriomlán an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach suas go EUR 222.8 milliún. Leis an méadú sin, ní amháin go bhféadfaí freastal ar an éileamh ar thacaíocht ó Bhallstáit nach bhfuil sa limistéar euro, ar mian leo an euro a ghlacadh agus ar gá dóibh athchóirithe a chur chun feidhme ina ngeilleagar, ach d'fhéadfaí freisin friotháil ar an méadú ar líon agus ar chostas na n-iarrataí tacaíochta chun athchóirithe riaracháin agus sóisialta a chur chun feidhme.

Forlíonfar an buiséad breise sin trína iarraidh ar na Ballstáit úsáid a bhaint as an deis, faoi Airteagal 11 de Rialachán an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, cuid dá n-acmhainní a aistriú ó chomhpháirt an chúnamh theicniúil de Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa chuig an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, chun tacaíocht a thabhairt le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe, lena n-áirítear athchóirithe a bhaineann le glacadh an euro. Ar bhonn na meastachán reatha ar riachtanais tacaíochta féideartha, mhéadódh an forlíonadh sin an méid iomlán den bhuiséad atá ar fáil le haghaidh tacaíochta go EUR 300 milliún, rud a dhúblódh an acmhainn tacaíochta faoi 2020.

Chuirfeadh an tacaíocht sin cúnaimh saincheaptha ar fáil le haghaidh chur chun feidhme na mbeartas uile a chuidíonn leis na Ballstáit ardleibhéal cóineasaithe inbhuanaithe a bhaint amach. Cuirfear an tacaíocht sin ar fáil go háirithe i réimsí na timpeallachta oibre, na hearnála airgeadais, an mhargaidh saothair agus an mhargaidh táirgí, an riaracháin phoiblí agus na bainistíochta airgeadais poiblí. Cuirfear béim i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh ar na hathchóirithe is tábhachtaí is gá chun fíor-chóineasú inbhuanaithe a chothú.

Trí shreabhadh oibre tiomanta, dhéanfaidh na Ballstáit sin ar mian leo dul chun cinn a dhéanamh i dtreo dul isteach sa limistéar euro, agus iad ag idirphlé leis an gCoimisiún, tacar

³ Cf. Airteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle.

teoranta de ghealltanais um athchóiriú a chomhaontú a bhfuil tábhacht ar leith leo maidir le rannpháirtíocht rathúil sa limistéar euro. Lena chois sin, léireofaí na gealltanais sin um athchóiriú i gClár Náisiúnta um Athchóiriú na mBallstát lena mbaineann. Tríd an tSeirbhís Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, thabharfadh an Coimisiún Plean Comhair agus Tacaíochta i gcrích leis na Ballstát lena mbaineann a bheadh dírithe ar chúnamh teicniúil a thabhairt le haghaidh chur chun feidhme gealltanais um athchóiriú a bhaineann le glacadh an euro. Bheadh an socrú sin iomlán deonach agus chuirfí ar fáil é gan aon chómhaoiniú ó na Ballstát is tairbhíthe.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is clár nuálach de chuid an Aontais é an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach lena dtugann an Coimisiún tacaíocht do na Ballstát, arna iarraidh sin dóibh, chun athchóirithe riaracháin agus struchtúracha a cheapadh agus a chur chun feidhme. Tá an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach dírithe ar chúnamh saincheaptha agus saineolas a thabhairt ar an talamh a bheidh ar fáil d'údarais inniúla na mBallstát is Iarrthóirí i rith an phróisis athchóirithe nó le linn céimeanna sainithe nó tréimhsí éagsúla den phróiseas sin. Tá an méid sin bunaithe ar na riachtanais tíre is práinní, de réir mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Ballstát lena mbaineann i bplean comhair agus tacaíochta.

Is comhlánú é an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach ar na hacmhainní atá ann cheana le haghaidh méadú acmhainne agus cúnaimh teicniúil atá le fáil laistigh de chlár mhaoiniúcháin eile de chuid an Aontais faoin gCreat Airgeadais Ibhliantúil, agus i gcúnamh teicniúil agus bearta eile a mhaoiníonn cistí an Aontais. Áirithítear sin ag an gcéim chlárúcháin agus ag an gcéim cur chun feidhme. Chuige sin, tá sásra comhordaithe tacaíochta curtha ar bun ag an gCoimisiún a bhfuil na seirbhísí lena mbaineann páirteach ann, chun a áirithiú go mbeidh an tacaíocht a thabharfar faoi na cláir agus na cistí éagsúla de chuid an Aontais comhsheasmhach agus nach ndéanfar dúbláil ar na bearta faoin gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach.

Tá sé d'aidhm leis an togra seo leithdháileadh airgeadais an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a mhéadú chun gur féidir leis an gCoimisiún friotháil, go háirithe, ar riachtanais na mBallstát nach bhfuil sa limistéar euro agus atá ag tosú ar athchóirithe struchtúracha atá dírithe ar a ngeilleagar a dhéanamh níos buanseasmhaí i gcoinne suaithheadh agus ar iad a ullmhú níos fearr le haghaidh rannpháirtíocht sa limistéar euro, agus friotháil, chomh maith leis sin, ar na riachtanais a thagann as an méadú ar líon agus ar chostas na n-iarrataí tacaíochta ó na Ballstát i ndáil le hathchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra comhsheasmhach le mórthionscnaimh bheartais amhail an Seimeastar Eorpach agus na moltaí a rinneadh sa Pháipéar machnaimh ón gCoimisiún ar neartú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta⁴ agus cuireann sé leo, agus tá sé i gcomhréir le hAitheasc 2017 ar Staid an Aontais (agus an Litir Intinne i gceangal leis) a thug an tUachtarán Juncker

⁴ COM(2017) 291, 31 Bealtaine 2017.

os comhair Pharlaimint na hEorpa an 13 Meán Fómhair 2017, inar cuireadh i láthair achoimre ar neartú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta a bheidh ann amach anseo.

Leis an togra seo, féadfar tuilleadh acmhainní a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt le haghaidh athchóirithe a bhfuil géarghá leo, a dhéanfadh geilleagair na mBallstát ní ba bhuanseasmhaí i gcoinne suaitheadh agus a chuideodh leis na Ballstáit sin a bheith rathúil tar éis dóibh teacht isteach sa limistéar euro. Ar a bharr sin, leis an togra, is féidir níos mó acmhainní a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt d'athchóirithe struchtúracha san an Aontas trí chéile.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí

Tá an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach bunaithe ar Airteagal 175 (an tríú mír) agus Airteagal 197(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Tá leasú reachtach leagtha amach sa togra seo chun (i) a léiriú conas a chuideoidh an Clár le Ballstáit nach é an euro a n-airgeadra páirt a ghlacadh sa limistéar euro, (ii) imchládach airgeadais tiomanta an Chláir a mhéadú (le hIonstraim Sholúbthachta an Chreata Airgeadais Ibhliantúil reatha) agus (iii) cuspóir ginearálta an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a chur in oiriúint chun béim a chur ar an nasc atá aige le hullmhú le haghaidh rannpháirtíocht sa limistéar euro. Friothálann sé freisin ar roinnt athruithe teicniúla i leith úsáid chaiteachas tacaíochta an Chláir. Ó méadaíodh ar a acmhainní airgeadais, is féidir leis an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach páirt láidir a ghlacadh i dtógáil struchtúr eacnamaíoch níos buanseasmhaí sna Ballstáit agus i gcóineasú inbhuanaithe a bhaint amach sna Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro atá ag ullmhú le dul isteach sa limistéar euro.

• Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Tá sé i gcomhréir le prionsabail an bhreisluacha Eorpaigh agus na coimhdeachta gníomhaíochtaí an Chláir a chistiú leis an leasú atá beartaithe. Tá méadú ar an gcistiú as buiséad an Aontais de dhíth ó thaobh na tacaíochta foriomláine le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe struchtúracha, ós rud é go raibh úsáid an Chláir ag na Ballstáit níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis. Cúis eile leis an ngá atá leis an méadú sin an cuspóir tacaíocht a thabhairt le haghaidh cóineasú inbhuanaithe sna Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro, rud a bhfuil géarghá leis ó thaobh rathúnas an Aontais agus dea-fheidhmiú an airgeadra aonair. Ní féidir leis na Ballstáit ceachtar den dá chuspóir sin (tacaíocht le haghaidh athchóirithe struchtúracha go ginearálta agus tacaíocht le haghaidh rannpháirtíocht sa limistéar euro) a bhaint amach go leordhóthanach leo féin ("an tástáil riachtanais"), ach is féidir breisluach a thabhairt le hidirghabháil ón Aontas do bhearta a dhéanann na Ballstáit leo féin.

Go deimhin, is fearr is féidir leis an Aontas ná leis na Ballstáit an saineolas is fearr atá ar fáil a shainiú, a chur ag obair agus a chomhordú (bíodh sé laistigh de sheirbhísí na n-institiúidí Eorpacha, ó thíortha eile, nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta), agus malartú dea-chleachtas a chothú (agus a áirithiú go scaipfead iad go comhsheasmhach ar fud an Aontais) chun cuidiú le Ballstáit nach bhfuil sa limistéar euro ar a mbealach isteach san airgeadra aonair agus chun tacaíocht a thabhairt le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe feabhsaithe fáis sna Ballstáit.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta sa mhéid nach dtéann sé thar an méid is lú is gá chun an cuspóir atá sonraithe a bhaint amach ar leibhéal na hEorpa ná thar an méid is gá chuige sin.

- **An rogha ionstraime**

Is leasú ar Rialachán an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach é an togra seo.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Tá an leasú atá beartaithe faoi láthair dírithe ar fhreagairt ar an riachtanas práinneach atá ann freastal ar an tacaíocht do Bhallstáit nach bhfuil sa limistéar euro atá ag tosú ar athchóirithe struchtúracha atá dírithe ar a ngeilleagar a dhéanamh níos buanseasmhaí in aghaidh suaitheadh, dlús a chur le próiseas an fhíor-chóineasaithe agus iad a ullmhú níos fearr le haghaidh rannpháirtíocht sa limistéar euro. Chomh maith leis sin, tá an leasú dírithe ar an imchlúdach airgeadais foriomlán a mhéadú chun freastal ar éileamh na mBallstát ar thacaíocht i ndáil le cur chun feidhme athchóirithe struchtúracha, éileamh atá i bhfad níos mó ná mar a bhíodhas ag súil leis.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon bhaint ag an togra seo leis an gclár um oiriúnacht rialála agus simpliú agus ní chuirfidh a chomhlíonadh aon chostas ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide ná ar aon gheallsealbhóirí eile. Cuirfear an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach chun feidhme go luath trí ardán leictreonach (JIRA) a bheidh ar fáil do sheirbhísí an Choimisiúin agus do na Ballstáit.

- **Ceartha bunúsacha**

Is maith an éifeacht a bheidh ag an togra ar chaomhnú agus a fhorbairt chearta bunúsacha an Aontais má iarrann agus má fhaigheann na Ballstáit cúnaimh teicniúil i réimsí a bhaineann leis. Mar shampla, i réimsí amhail an imirce, na margaí saothair agus an t-árachas sóisialta, an t-oideachas, an comhshaol agus an réadmhaoin, is féidir leis an riarachán poiblí agus leis an gcóras breithiúnach tacaíocht a thabhairt do chearta bunúsacha de chuid an Aontais amhail an dínit, an tsaoirse, an comhionannas, an dlúthpháirtíocht, ceartha na saoránach agus an ceartas.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá sé beartaithe an t-imchlúdach airgeadais tiomanta don Chlár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a mhéadú ó EUR 142 800 000 (praghsanna reatha) go EUR 222 800 000 (praghsanna reatha). Bheadh an méadú seo i bhfeidhm i gcomhair 2019 agus 2020. Tá na míniúcháin iomchuí sa ráiteas airgeadais reachtach.

Ba cheart gurbh fhéidir an méadú a dhéanamh trí EUR 80 000 000 a úsáid as an Ionstraim Sholúbthachta faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil reatha (Airteagal 11 de Rialachán 1311/2013 ón gComhairle) ina bhfuil an deis tugtha an maoiniú atá ar fáil i mbuiséad ginearálta an Aontais do na blianta airgeadais 2018 agus 2019 a fhorlónadh os cionn thairseach cheannteideal 1b (comhtháthú).

Forlónfar an buiséad méadaithe sin trína iarraidh ar na Ballstáit úsáid a bhaint as an deis, faoi Airteagal 11 de Rialachán an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, cuid dá n-acmhainní a aistriú ó chomhpháirt an chúnamh theicniúil de Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa chuig an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, chun tacaíocht a thabhairt le haghaidh cur chun feidhme athchóirithe, lena n-áirítear athchóirithe a bhaineann le glacadh an euro. De réir na meastachán is déanaí ar riachtanais tacaíochta fhéideartha, mhéadódh an forlónadh sin an méid iomlán den bhuiséad atá ar fáil le haghaidh tacaíochta go dtí EUR 300 milliún.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá foráil leordhóthanach déanta i Rialachán an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach maidir leis na ceanglais faireacháin, mheastóireachta agus tuairiscithe. Níltear ag súil le haon athrú air sin.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra seo leasaítear Airteagal 4 de Rialachán an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (an cuspóir ginearálta) chun tacaíocht le haghaidh rannpháirtíocht sa limistéar euro a chur leis na spriocanna a dtugann an Clár ranníocaíochtaí lena n-aghaidh. Go háirithe, tugann an Clár tacaíocht d'údaráis náisiúnta le haghaidh athchóiriú a dhéanamh ar institiúidí, rialachas, riarachán agus earnálacha eacnamaíochta agus sochaíochta mar fhreagra ar dhúshlán eacnamaíochta agus shóisialta. Leis an leasú atá beartaithe, táthar ag cur béime air gur cheart, trí fheabhas a chur ar an gcomhtháthú, ar an iomaíochas, ar an táirgiúlacht, ar an bhfás inbhuanaithe agus ar an gcruthú post, gur cheart cur leis na hullmhúcháin do rannpháirtíocht sa limistéar euro ag na Ballstáit nach é an euro a n-airgeadra agus ar mian leo dul isteach san airgeadra aonair.

San Airteagal 5a atá beartaithe tá béim leagtha ar an méid a chuidíonn an Clár trí shreabhadh oibre tiomanta tacaíocht a thabhairt d'athchóirithe a d'fhéadfadh cuidiú leis na Ballstáit agus iad ag ullmhú le dul isteach sa limistéar euro.

Leis an togra leasaítear mír 1 d'Airteagal 10 de Rialachán an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, maidir le himchlúdach airgeadais tiomanta an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, chun é a mhéadú go EUR 222.8 i bpraghsanna reatha.

Leis an togra leasaítear mír 2 d'Airteagal 10 de Rialachán an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach, i.e. an fhoráil maidir le caiteachas tacaíochta an Chláir, tríd an deis a thabhairt isteach gníomhaíochtaí tacaíochta a mhaoiniú, amhail rialú cáilíochta agus faireachán ar thionscadail nithiúla ar an talamh.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/825 chun imchlúdach airgeadais an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a mhéadú agus an cuspóir ginearálta a oiriúnú

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 175 agus d'Airteagal 197(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁵,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁶,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Bunaíodh an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach (“an Clár”) chun cumas na mBallstát a neartú athchóirithe fáschothaitheacha riaracháin agus struchtúracha a cheapadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear le cúnaimh chun úsáid éifeachtúil éifeachtach a bhaint as cistí an Aontais. Is é an Coimisiún a chuireann an tacaíocht ar fáil faoin gClár, arna iarraidh sin ag Ballstát, agus is féidir leis an tacaíocht sin raon leathan réimsí beartais a chumhdach. Trí gheilleagair bhuanseasmhacha a fhorbairt ar bhonn struchtúir láidre eacnamaíocha agus shóisialta, lena gcuirtear ar a gcumas do na Ballstáit suaitheadh a sheasamh go héifeachtúil agus teacht aniar go pras, cuirtear leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta. Uirlis iomchuí chun an fhorbairt sin a bhaint amach is ea athchóirithe institiúideacha, riaracháin agus struchtúracha fáschothaitheacha a chur chun feidhme.
- (2) Tá méadú tagtha ar an úsáid atá na Ballstáit a bhaint as an tacaíocht faoin gClár, sa dóigh gur sáraíodh a rabhtas ag súil leis ag an tús. Ar bhonn a luacha mheasta, ba mhó i bhfad na hiarrataí tacaíochta a fuair an Coimisiún le linn thimthriall 2017 ná an leithdháileadh bliantúil a bhí ar fáil. Le linn thimthriall 2018, bhí luach measta na n-iarrataí a fuarthas cúig huairé ní ba mhó ná na hacmhainní airgeadais a bhí ar fáil don bhliain sin. Is beag Ballstát nár iarr tacaíocht faoin gClár agus baineann na hiarrataí leis na réimsí beartais uile atá cumhdaithe ag an gClár.

⁵ IO C [...], [...], lch. [...].

⁶ IO C [...], [...], lch. [...].

- (3) Tá sé ríthábhachtach an comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a neartú chun bheith rannpháirteach go rathúil san Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta. Baineann tábhacht ar leith leis sin i gcás na mBallstát nach é an euro a n-airgeadra, agus iad ag ullmhú le dul isteach sa limistéar euro.
- (4) Dá bhrí sin, is iomchuí béim a leagan air i gcuaspóir ginearálta an Chláir – mar chuid den mhéid atá ann chun freagairt a thabhairt ar dhúshláin eacnamaíocha agus sóisialta – gur cheart, le feabhsú an chomhtháthaithe, an iomaíochais, na táirgiúlachta, an fháis inbhuanaithe agus an chruthaithe post, gur cheart cur freisin le hullmhúcháin na Ballstáit sin nach é an euro a n-airgeadra do rannpháirtíocht sa limistéar euro.
- (5) Is gá freisin a chur in iúl gur féidir, le bearta agus le gníomhaíochtaí de chuid an Chláir, tacaíocht a thabhairt d'athchóirithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcuidiú ag na Ballstáit ar mian leo an euro a ghlacadh agus iad ag ullmhú le bheith rannpháirteach sa limistéar euro.
- (6) Chun freastal ar an méadú ar éileamh na mBallstát ar thacaíocht, agus i bhfianaise an ghá tacú le cur chun feidhme athchóirithe struchtúracha sna Ballstáit nach é an euro a n-airgeadra, ba cheart an leithdháileadh airgeadais don Chlár a mhéadú go leibhéal ar leor é chun go mbeidh sé ar chumas an Aontais tacaíocht a thabhairt a fhreastalóidh ar riachtanais na mBallstát atá á hiarraidh.
- (7) Chun tacaíocht a thabhairt lena laghad moille is féidir, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann cuid den imchlúdach airgeadais a úsáid freisin chun costas gníomhaíochtaí lena dtugtar tacaíocht don Chlár a chumhdach, amhail speansais a bhaineann le rialú cáilíochta agus faireachán ar thionscadail ar an talamh.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 2017/825 a leasú dá réir.
- (9) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/825 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

“Airteagal 4

Cuspóir ginearálta

Is é cuspóir ginearálta a bheidh ag an gClár rannchuidiú le hathchóirithe institiúideacha, riaracháin agus struchtúracha fáschothaitheacha sna Ballstáit trí thacaíocht a thabhairt do na húdaráis náisiúnta maidir le bearta arb é is aidhm leo institiúidí, an rialachas, an riarachán poiblí agus na hearnálacha eacnamaíocha agus sóisialta a athchóiriú agus a neartú mar fhreagairt ar dhúshláin eacnamaíocha agus sóisialta, d'fhonn an comhtháthú, an t-iomaíochas, an táirgiúlacht, an fás inbhuanaithe, an cruthú post agus an t-infheistiú a fheabhsú, rud ar ullmhúchán é, freisin, do rannpháirtíocht sa limistéar euro, go háirithe i gcomhthéacs próiseas rialachais

eacnamaíoch, lena n-áirítear le cúnaimh chun úsáid éifeachtúil éifeachtach thrédhearcach a bhaint as cistí an Aontais.”;

(2) Cuirtear Airteagal 5a isteach

“Airteagal 5a

Tacaíocht le haghaidh ullmhú do rannpháirtíocht sa limistéar euro

Féadfar bearta agus gníomhaíochtaí a mhaoiniú faoin gClár, lena dtabharfar tacaíocht d'athchóirithe a d'fhéadfadh a bheith ina gcuidiú ag Ballstáit agus iad ag ullmhú le dul isteach sa limistéar euro.”.

(3) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“1. Socraítear ag EUR 222 800 000 i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach airgeadais chun an Clár a chur chun feidhme.”;

(b) cuirtear an abairt seo a leanas le mír 2:

“Féadfar costais gníomhaíochtaí eile tacaíochta, amhail rialú cáilíochta agus faireachán ar thionscadail tacaíochta ar an talamh, a chumhdach le speansais freisin.”.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

- 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh
- 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann
- 1.3. An cineál togra/tionscnaimh
- 1.4. Cuspóirí
- 1.5. Forais an togra/tionscnaimh
- 1.6. Fad agus tionchar airgeadais
- 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

- 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe
- 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe
- 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

- 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar
- 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas
 - 3.2.1. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*
 - 3.2.2. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*
 - 3.2.3. *An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin*
 - 3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*
 - 3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*
- 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/825 chun imchlúdach airgeadais an Chláir Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach a mhéadú agus an cuspóir ginearálta a oiriúnú

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Réimsí beartais: COMHORDÚ BEARTAIS AGUS COMHAIRLE DLÍ AN CHOIMISIÚIN

Gníomhaíochtaí ABB: An Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach

Tá eolas mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí ABB i mír 3.2

